



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú An Teastais Shóisearaigh 2013

Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh
Líníocht
Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Le tabhairt do na Múinteoirí Ealaíne agus do na hIarrthóirí
Dé Máirt 16 Aibreán 2013

Tá cead ag na scoileanna an scrúdú a reáchtáil ar a rogha lá idir
29 Aibreán agus 10 Bealtaine 2013

100 marc

Treoracha d'iarrthóirí

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, mar leanas:

Catagóir A (Deilbheacha Nádúrtha) nó Catagóir B (Deilbheacha Saorga)	Breathnóireacht Léirmhíniú	25 marc 25 marc	Iomlán	50 marc
--	-------------------------------	--------------------	--------	---------

agus

Catagóir C (Deilbheacha Daonna)	Breathnóireacht Léirmhíniú	25 marc 25 marc	Iomlán	50 marc
--	-------------------------------	--------------------	--------	---------

Ní cóir go mbeadh na bileoga líníochta níos mó ná méid A2. Bain úsáid as bileog ar leith le haghaidh gach catagóire – dhá bhileog san iomlán.

Deimhnigh go bhfuil do scrúduimhir scríofa go soiléir ar an dá bhileog líníochta atá agat.

Tá cead agat aon mheán oiriúnach a úsáid, pinn luaidhe, pastail, criáin, peann agus dúch, péinteanna, marcóirí, nó meascán ar bith díobh sin san áireamh.

Ná spraeáil buanaitheoir ar d'obair ealaíne.

Más mian leat bileog líníochta dhaite a úsáid, ní mór don Fheitheoir í a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú le deimhniú go bhfuil sí bán.

Ní mór teideal an ruda a roghnaíonn tú as Catagóir A nó as Catagóir B a scríobh ar an mbileog líníochta ionas gur féidir é a aithint go soiléir.

Ceadaítear 90 nóiméad le haghaidh Chatagóir C, na tréimhsí sosa uile a bheidh ag an gcuspa beo san áireamh.

Nuair a bheidh an scrúdú líníochta thart, cuir an dá bhileog líníochta sa chlúdach in éineacht le do shaothar tionscadtal 2T.

Cuir in iúl ar an seicliosta ar an gclúdach go bhfuil an dá bhileog líníochta faoi iamh.

Ní mór do chlúdach a shéalú ansin i láthair an Fheitheora.

Ní ceadmhach an clúdach a oscailt athuair.

Ní mór an obair 3T a chur ar bharr an chlúdaigh shéalaithe.

Riachtanais an Scrúdaithe

Tá ort dhá líníocht a dhéanamh, mar leanas:

Catagóir A (Deilbheacha Nádúrtha)

nó

Catagóir B (Deilbheacha Saorga) 9:30 r.n. – 10:30 r.n.

agus

Catagóir C (Deilbheacha Daonna) 11:00 r.n. – 12:30 i.n.

Roghnaigh rud amháin as Catagóir A nó as Catagóir B thíos agus **ainmnigh** ar an mbileog líníochta é.

Catagóir A – Deilbheacha Nádúrtha

Catagóir B – Deilbheacha Saorga

cleite nó cleití
cnámha nó fiacla ainmhí
ainmhí stuáilte
torthaí boga, sútha talún mar shampla
bláth fiain
iasc nó sliogiasc
feoil, gríscín mar shampla
ubh chócarálte
tráta
cnónna nó síolta.

mo bhróg, bróg reatha mar shampla
fáinne nó fáinní cluaise
mo smideadh
oiriúint ghruaige
scuab fiacla
araid sa seomra ealaíne
mo chás peann luaidhe
urlis ghearrtha líonóile
casúr
cupán tae.

Gnáthleibhéal

Tarraing líníocht den deilbh ionlán **nó** líníocht de chuid di. Is féidir an chuid seo a mhéadú chun a gnéithe a iniúchadh.

Ardleibhéal

Tarraing líníocht den deilbh ionlán **agus** líníocht de chuid di. Is féidir an chuid seo a mhéadú chun a gnéithe a iniúchadh.

Catagóir C – Deilbheacha Daonna

Ba chóir don chuspa beo a bheith ina s(h)uí ceartdíreach ar chathaoir.

Ba chóir cosa an chuspa a bheith le chéile ag na rúitíní.

Ba chóir don chuspa úll a bheith ina lámha aige/aici ar airde na coma.

Ba chóir don chuspa a bheith ag féachaint chun tosaigh.

Ba chóir na gnéithe d'aghaidh an chuspa a bheith le feiceáil – ba chóir gruaig fhada a cheangal siar.

Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo agus an staidiúir ionlán a thaispeáint.

nó

Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo agus an cloigeann agus na guaillí a thaispeáint.
Ní mór duit na gnéithe uile den aghaidh is féidir leat a fheiceáil a tharraingt i do líníocht.

An Teastas Sóisearach – Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh – Líníocht

Le tabhairt do na Múinteoirí Ealaíne agus do na hIarrthóirí Dé Máirt, 16 Aibreán 2013

Tá cead ag na scoileanna an scrúdú a reáchtáil ar a rogha lá idir 29 Aibreán agus 10 Bealtaine 2013